II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1761 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Meán Fómhair 2023

lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a cláraíodh i gclár na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint ('Mela Alto Adige / Südtiroler Apfel' (TGFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 53(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na hIodáile ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Mela Alto Adige / Südtiroler Apfel', atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1855/2005 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]) de bhun Airteagal 50(2)(a) den Rialachán sin.

(3) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra i gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an leasú ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm 'Mela Alto Adige / Südtiroler Apfel' (TGFC), is leasú é atá formheasta anois.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1855/2005 ón gCoimisiún an 14 Samhain 2005 lena bhforlíontar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2400/96 a mhéid a bhaineann le hainmneacha áirithe a chlárú i 'gClár na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint' [Mela Alto Adige nó Südtiroler Apfel (TGFC), asperge des sables des Landes (TGFC), pâtes d'Alsace (TGFC), Jamón de Trevélez (TGFC), Oliva Ascolana del Piceno (ATFC)] (IO L 297, 15.11.2005, lch. 5)

([3]) IO C 182, 24.5.2023, lch. 20.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún